

Gearrscéalta an Chéid

Gearóid Denvir agus Aisling Ní Dhonnchadha
a roghnaigh



Cló Iar-Chonnacht
Indreabhán
Conamara

An Chéad Chló 2000
An Dara Cló 2001
An Tríú Cló 2002
An Ceathrú Cló 2004
An Cúigiú Cló 2006
An Séú Cló 2007
An Seachtú Cló 2010

© Na hÚdair/Cló Iar-Chonnacht Teo. 2000

ISBN 1 902420 40 3
978-1-902420-40-0

(Gearrdhrámaí an Chéid ISBN 1 902420 31 4
Duanaire an Chéid ISBN 1 902420 32 2 (*crua*) 1 902420 75 6 (*bog*)
Sraith iomlán: na trí leabhar ISBN 1 902420 34 9)

Ealaín chlódaigh Tim Stampton
Dearadh Foireann CIC

Is le cabhair deontais i gcomhair tograí Gaeilge a d'foc an tÚdarás um Ard-Oideachas trí Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, a cuireadh athchló ar an leabhar seo.



Bord na
Leabhar
Gaeilge

Faigheann Cló Iar-Chonnacht cabhair airgid ó
Fhoras na Gaeilge.



arts
council
ealaíon

Faigheann Cló Iar-Chonnacht
cabhair airgid ón gComhairle Ealaíon.

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon bhealach ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Clóchur: Cló Iar-Chonnacht, Indreabhán, Conamara
Teil: 091-593307 **Facs:** 091-593362 **r-phost:** cic@iol.ie
Priortáil: CL Print, Indreabhán, Co. na Gaillimhe.
Teil: 01-4299440

Clár

<i>Réamhrá</i>	7
Pádraig Mac Piarais	
Eoghainín na nÉan	19
Pádraic Ó Conaire	
Nóra Mharcais Bhig	33
Séamus Ó Grianna	
Mánus Ó Súileachán	49
Seosamh Mac Grianna	
Ar an Trá Fholamh	67
Máire Mhac an tSaoi	
An Bhean Óg	76
Liam Ó Flaithearta	
Teangabháil	81
Síle Ní Chéileachair	
Blimey! Peaidí Gaelach Eile!	93
Donncha Ó Céileachair	
Bullaí Mhártain	103
Máirtín Ó Cadhain	
Beirt Eile	117
Diarmaid Ó Súilleabháin	
Deora Dé	131
Pádraic Breathnach	
An Filleadh	137
Dara Ó Conaola	
Mo Chathair Ghríobháin	157
Seán Mac Mathúna	
Na Quizmháistrí	169
Alan Titley	
An Síscéal de réir Eoin	187
Angela Bourke	
Iníon Rí an Oileáin Dhorcha	201

Micheál Ó Conghaile	
Athair	215
Joe Steve Ó Neachtain	
Siléig	229
Pádraig Ó Cíobháin	
Tá Solas ná hÉagann Choíche	245
Siobhán Ní Shúilleabháin	
Dís	263
Biddy Jenkinson	
Leabhar Mholing	271
<i>Foinsí</i>	283
<i>Tagra don Réamhrá</i>	285

Réamhrá

De nádúr an duine an scéalaíocht. Seans gur beag duine againn nach scéilín de shórt éigin an chuimhne liteartha is faide siar i sliogán ár samhlaíochta – tuismitheoir grámhar ár gcur a chodladh oíche gheimhridh agus an fhainic i dtaobh fanacht faoin bpluid á ríomh le fógra go raibh Seáinín Seaca amuigh, nó ár dtóir ar an draíocht agus ar iontaisí na samhlaíochta á cothú le heachtraí faoi na Trí Muicíní, Codladh Céad Bliain nó Seáinín na Leisce. Leanaimid inár ndaoine fásta den ealaín inár ngnáthshaol laethúil prósuil, ón scéal grinn i dteach an óil agus an chaidrimh go dtí an leagan den fhírinne is gá dúinn a chur i láthair basanna géara agus lucht údaráis i gcoitinne ó thráth go chéile. Tolgann cuid againn galar an fhocail scríofa chomh maith sna foirmeacha éagsúla cruthaitheacha a d’fhorbair an duine in imeacht na staire: an t-úrscéal, an dán, an dráma, agus ar ndóigh, an fhoirm liteartha ar leith is cúram don chnuasach seo, an gearrscéal.

Is é atá sa chnuasach seo rogha ionadaíoch na ndíolamóirí de scothscéalta Gaeilge an fichiú haois. Clúdaíonn sé an tréimhse ó aimsir na hAthbheochana liteartha i dtús an chéid anuas go dtí urlár an lae inniu. Beartaíodh i ngeall ar chúrsaí spáis nach gcuirfí níos mó ná scéal amháin le scríbhneoir ar bith sa chnuasach. Mar is dual dá leithéid seo de chnuasach agus díolamóirí faoi laincísí spáis, tá saothar suntasach le scríbhneoirí cumasacha nach bhfuil le léamh anseo, agus b’fhurasta cnuasach eile a chur i dtoll a chéile lena saothar siúd. Socraíodh na scéalta a chur i láthair in ord croineolaíoch a gcéadfoilsithe i gcnuasach (eisceachtaí sa chomhthéacs seo is ea ‘An Bhean Óg’ le Máire Mhac an tSaoi a céadfoilsíodh in *Comhar*, Iúil 1948 agus ‘Iníon Rí an Oileáin Dhorcha’ le Angela Bourke a foilsíodh

in *Oghma* 3, 1991) arae cuidíonn sin leis an léitheoir léargas stairiúil a fháil ar fhorás an ghearrscéil in imeacht na tréimhse. Cloíodh chomh fada agus ab fhéidir le bunleaganacha na scéalta ó thaobh teanga de agus níor dearnadh aon chaighdeánú seachas ar chúrsaí litrithe de réir nós na haimsire seo.

Tháinig an gearrscéal chun cinn i gcéadair san Eoraip, go háirithe sa Rúis agus sa Fhrainc, agus i Meiriceá mar shaing*enre* liteartha ar leith i lár an naoú haois déag. Fágann sin nach mórán de thús a bhí ag muintir an tsaoil mhóir fré chéile ar lucht na Gaeilge nuair a thug siadsan faoin bhfoirm áirithe scéalaíochta seo mar chuid den Athbheochan liteartha ag deireadh an naoú haois déag, Athbheochan a raibh mar aidhm amháin aici nualitríocht Ghaeilge a chur ar fáil. Thuig nua-aoiseoirí forásacha mar Phádraig Mac Piarais agus Pádraic Ó Conaire ag an am go gcaithfí nualitríocht na Gaeilge a shuíomh i gcomhthéacs litríocht idirnáisiúnta chomhaimseartha na linne. Mar a scríobh Mac Piarais:

We would have our literature modern not only in the sense of freely borrowing every modern form which it does not possess and which it is capable of assimilating, but also in texture, tone and outlook. This is the twentieth century, and no literature can take root in the twentieth century which is not of the twentieth century. (*An Claidheamh Soluis*, 26 Bealtaine 1906)

Ráiteas misniúil dúshlánach a bhí sa méid sin i dtosach an fichiú haois a léirigh díocas, dóchas agus fadbhreathnaitheacht Mhic Piarais i dtaobh eisint agus chomharthaí sóirt na nualitríochta ba mhian leis a shaothrófaí sa Ghaeilge. Maidir leis an ngearrscéal mar fhoirm liteartha, féachadh coitianta air i dtosach an fichiú haois mar *genre* nua tráthúil idirnáisiúnta. Ficsean gearr ina raibh tréithe stíle de chuid an rómánsachais agus de chuid an réalachais a bhí i gceist, nó, dar le criticeoirí áirithe, ficsean gearr a tháinig faoi thionchar ghluaiseacht liteartha an impriseanachais (Ferguson 1982). Taibhsíodh do chuid mhaith scríbhneoirí san am go raibh comhfhreagairt

shoiléir idir foirm an ghearrscéil agus spiorad na linne. Mar a scríobh G. K. Chesterton sa bhliain chéanna le ráiteas Mhic Phiarais thuas:

Our modern attraction to the short story is not an accident of form; it is a sign of a real sense of fleetingness and fragility; it means that existence is only an impression, and, perhaps, only an illusion . . . We have no instinct of anything ultimate and enduring beyond the episode. (Chesterton 1906:85)

Thagair an Piarsach féin do thráthúlacht an ghearrscéil mar shainfhoirm na linne in alt leis taca an ama chéanna, á mhaíomh: ‘... the evangels of the future will go forth in the form of light, crisp, arresting short stories’ (*An Claidheamh Soluis*, 2 Meitheamh 1906).

Ainneoin na ndeacrachtaí liteartha agus seachliteartha ar fad a bhí le sárú ag scríbhneoirí Gaeilge in aimsir na hAthbheochana – ina measc staid agus stádas na teanga féin, easpa cumais agus samhlaíochta mórán scríbhneoirí, meon cúng piúratánach na linne, agus cur amú fuinnimh le díospóireachtaí díchéillí i súile na linne seo – chuir lucht saothraithe an ghearrscéil saothar suntasach ar fáil, mar is léir ó scéalta Mhic Phiarais, Uí Chonaire, agus na nGriannach, Séamus agus Seosamh, sa chnuasach seo.

Foirm liteartha is ea an gearrscéal a d’oir go breá do phrós-scríbhneoirí na Gaeilge ó aimsir na hAthbheochana i leith ar bhonn praiticiúil agus ar bhonn aeistéiticiúil araon. Ar an leibhéal praiticiúil, thug páipéir agus irisí deis don ghearrscéalaí a shaothar a chur os comhair an phobail. San am céanna, chuidigh an saothar seo le pobal léitheoireachta Gaeilge a bhunú, a mhisiú agus a chothú, agus chuidigh soláthar chnuasach gearrscéalta gona ngluaiseanna agus a n-aguisíní léirmhíthe leis an méid sin. Tuigeadh ón tús gur ghá treonna agus stíleanna nua a thriáil seachas cloí go ródhlúth le coinbhinsiúin agus le modhanna reacaireachta na scéalaíochta béil agus scéalaíocht thraidisiúnta na Gaeilge i gcoitinne (Ní

Dhonnchadha 1981). Thar aon ní eile, tuigeadh gur faoi eispéireas an duine aonair a bheifí ag scríobh feasta, gur trí shúile agus trí mheon an duine aonair a bheifí ag féachaint amach ar an saol mór. Dá réir sin, dhearbhaigh Pádraic Ó Conaire in *An Claidheamh Soluis* sa bhliain 1908 gurb í aidhm na scríbhneoireachta:

Scrúdaítear an duine. Scrúdaítear a aigne. Déantar tréaniarracht ar na ceisteanna móra a bhaineas le hintinn an duine ag déanamh a leithéid seo de ghníomh dó a léiriú [Is] é an duine féin tobar gach feasa agus ithir gach iontais. (Denvir 1978:47)

Ceann de mhórthréithe an fichiú haois, agus ní i réimse na litríochta amháin, ach ó thaobh na smaointeoireachta go ginearálta, is ea flaitheas seo na hindibhíde mar cheartlár an dioscúrsa dhaonna. Maíonn Frank O'Connor ina leabhar ar an ngearrscéal, *The Lonely Voice*, gur saintréith de chuid an ghearrscéil go ríomhann sé 'an intense awareness of human loneliness' (O'Connor 1963:19). Ag trácht di ar shuibhachtúlacht gearrscéalta impriseanaíoch, scríobh Suzanne Ferguson:

This emphasis on subjectivity inevitably affects the typical themes of modern fiction: alienation, isolation, solipsism, the quest for identity and integration. The characters, the experiencing subjects, are seen as isolated from other experiencing subjects, with only rare moments of communion or shared experience possible to them. (Ferguson 1982:15)

Bíodh is gur dóigh linne go mbaineann na tréithe sin go sonrach le bunáite litríocht Iarthar Domhain i gcaitheamh an fichiú haois, arb iad an coimhthíos, an stoiteacht agus easpa fréamhacha i dtalamh aithnid a rosc leanúnach, níl aon amhras faoi ach gur coimhthígh nó aonaráin riar shuntasach de na carachtair a ríomhtar a scéal agus a gcinniúint i ngearrscéalta na Gaeilge i gcoitinne agus go sonrach i scéalta an leabhair seo.

Deoraithe a mhaireas i gcruinne dhorcha a mbraistinte teoranta féin atá i mbunáite na gcarachtar i saothar Uí Chonaire, mar shampla, agus ní haon eisceacht í Nóra ina scéal ‘Nóra Mharcuis Bhig’ a díbríodh ó shaol sona an bhaile bhig go dtí cathair mhór neamhphearsanta Londan, mar a deir sí féin ‘go dtí an fásach seo i ngeall ar aon pheaca amháin’. Léargas siombalach ar a cás is ea go bhfeictear sáinnithe go minic í i spásanna cúnga dorcha agus í ag féachaint amach ar shaol nach bhfuil dámh ná páirt aici leis. Ar an gcuma chéanna, duine idir dhá shaol é Micil i scéal Uí Chadhain, ‘Beirt Eile’, atá sáinnithe idir an seansaol duineata, cinnte, sábháilte agus an saol nua-aoiseach, bagrach a théann thar a thuiscint. Feictear sin go sonrath i meafar bunúsach an scéil, a thuras siosafasúil, laethúil, gan rath in aghaidh an aird agus é ag iarraidh a chuid a thabhairt ag an lao. Éanacha corra den chineál céanna iad cuid mhaith de charachtair na scéalta sa chnuasach seo: Bullaí Mhártain Uí Chéileachair nach bhfuil istigh leis féin i saol nua gaigíneach an bhaile mhóir; Cathal Ó Canainn i scéal Sheosaimh Mhic Ghrianna, ‘Ar an Trá Fholamh’, ar siombail a bhás tragóideach in aimsir an drochshaoil d’ionad an duine i gcruinne chruálach gan bhrí; agus Séamas, príomhcharachtar scéal Phádraic Breathnach, ‘An Filleadh’, atá ina choimhthíoch ar a imirce i Sasana agus nach leigheas ar a chás a fhilleadh abhaile ar an seansaol ach oiread. Fínead éifeachtach focalspárlach é scéal Mháire Mhac an tSaoi, ‘An Bhean Óg’, ina mbraitheann an léitheoir an t-uaigneas céanna anama seo i gcás na mná óige ar cosúil go bhfuil an cliseadh pósta i ndán dí.

Ainneoin na réimsí éagsúla brí is féidir a bhaint as na scéalta sin, ainneoin réimse na dtéamaí a phléitear iontu, agus ainneoin go mbaineann siad le tréimhsí éagsúla de chuid an fichiú haois, tá gné choitianta eile eatarthu, mar atá, snáithe láidir den réalachas a bheith ag sníomh tríothu. Más téarma achrannach neamhchruinn féin é an ‘réalachas’, is deacair déanamh dá uireasa, agus is tréith bhunúsach de chuid ghearrscéal Gaeilge an fichiú haois é. Tá réalachas láidir sóisialta le sonrú ar chuid

mhaith de ghearrscéalta (agus de litríocht phróis i gcoitinne) thús an chéid. Go deimhin féin, is geall le tráchtais shóisialta faoi shaol na Gaeltachta, arna shonrú trí shúile rómánsúla *engagés* lucht na hAthbheochana agus bhunaitheoirí an stáit, cuid mhaith de shaothar scríbhneoirí mar Shéamus Ó Grianna. Is é an locht atá ar shaothar mar seo go bplúchann an réalachas sóisialta, mar aon leis an róbhéim ar an scéal ar leibhéal teoranta na heachtraíochta agus leis an tóir ar an dea-Ghailge, gné bhunúsach na haigineolaíochta is cúram don dea-litríocht. Tá saothar luath Mháirtín Uí Chadhain, fiú, duine de mhórscribhneoirí na hÉireann san fhichiú haois i gceachtar den dá theanga, breac leis an gcur síos réalach seo ar shaol an chomhthionóil fhuinniúil fhuinte as ar fáisceadh é féin (Denver 1987). D'éirigh leis sna scéalta a shuigh sé sa chomhthéacs céanna ina shaothar aibí, áfach, beatha inmheánach agus fírinne shíceolaíoch na gcarachtar a thabhairt chun suntais ar bhealach inchreidte, rud is léir ar scéal mar 'Beirt Eile', mar shampla.

Feictear gné eile den réalachas sóisialta a thagann chun cinn go rialta sa ghearrscéal i gcaitheamh an chéid anuas go dtí na seascaidí i scéalta an leabhair seo chomh maith, mar atá, cúrsaí cleamhnais. Cluichí soineanta cleamhnais, seanscéal na mná óige á hiarraidh agus a margadh á chur faoi shéala an bhuidéil cúig naigín, atá i mbunáite scéalta ghlúin na hathbheochana faoin ábhar seo. Seasann 'Mánas Ó Súileachán' Mháire os cionn na coitiantachta le linn na tréimhse seo i ngeall ar an tsúil íorónta a chaitheann an t-údar ar na cúrsaí seo. Léargas maith ar inmheánú agus ar shuibichtú na litríochta i gcaitheamh an chéid, áfach, atá i scéalta sofaisticiúla faoin gcleamhnas mar 'Teangabháil' a ríomhann scéal na mná óige a thuigeann go bhfuil sí 'díolta mar a bheadh banbh muice' ar aonach an phósta, agus 'Beirt Eile' a léiríonn an chaoi ar phós Micil 'an céad punt, na cupla bearach agus Bríd' de ghrá an réitigh lena thuismitheoirí agus na fadhbanna truamhéileacha síceolaíocha a d'eascair as an bpósadh aimrid sin. Gné eile de stair shóisialta na tréimhse a ríomhtar ó thráth go chéile sa ghearrscéal, agus sa

litríocht i gcoitinne, is ea ceist na himirce. Is geall le hachóimre ar fhadhb shóisialta agus dhaonna na himirce in Éirinn sna ceathrachaidí agus sna caogaidí an scéal ‘Blimey! Peaidí Gaelach Eile!’ le Síle Ní Chéileachair, agus bíodh is nach í an imirce príomhchúram scéalta mar ‘An Filleadh’ agus ‘Nóra Mharcais Bhig’, faigheann an léitheoir éachtaint iontu ar shaol an imirceora agus ar na cúinsí sóisialta agus cultúrtha is cúis le fadhb na himirce.

Más tréith láidir leanúnach an réalachas sóisialta seo i ngearrscéal na Gaeilge ó thús, ní den mhianach sin uilig amháin é, ar ndóigh. Go deimhin féin, léiríonn na scéalta sa chnuasach seo gur lú an bhéim a cuireadh ar ghné shimplí na scéalaíochta agus ar thábhacht an réalachais mar choincheap sa litríocht de réir mar d’aoisigh an céad. Ba thábhachtaí, mar shampla, le glúin Uí Chadhain agus Uí Shúilleabháin, gan trácht ar an nglúin a lean iad, an réalachas inmheánach mar mhalairt ar reacaireacht shimplí ar réalachas oibiachtúil seachtrach, mar dhóigh de. Má shonraigh Ó Cadhain easpa mhór aigneolaíochta ar litríocht Ghaeilge a linne féin, níl aon amhras faoi ach gur mhair bunáite a chuid carachtar féin i ríocht na haigne den chuid is mó.

Easpa shuntasach ar ghearrscéalta na Gaeilge, agus go deimhin ar litríocht Ghaeilge an fichiú haois i gcoitinne, a laghad den ghreann atá le fáil inti. Shamhlódh an léitheoir grinn, b’fhéidir, go raibh aos dána na Gaeilge beagán ródháiríre faoin saol, faoina gceird agus faoin gcúis ar fad! Greann simplí soineanta atá le fáil i gcuid mhaith de scéalta luatha an chéid – ní gá dul thar *An Baile Seo ‘Gainne* leis an Seabhac mar léiriú air seo – agus ba é Máirtín Ó Cadhain an chéad duine ar féidir a rá faoi gur bhain sé gaisneas leanúnach, sofaisticiúil as an ngreann ina shaothar. Tá greann dubh dóite ag roinnt le cuid dá chuid scéalta agus racht breá croíúil raibiléiseach i gcuid eile fós acu, agus an méid sin amháin mar leigheas na heagla atá ar fud a shaothair. Tá sampla maith dá chuid grinn le fáil in ‘Beirt Eile’ san fhiodmhagadh tíriúil (bhíothas ann a dúirt ‘gáirsiúil’) a

dhéanann muintir an bhaile faoi Mhicil atá ‘gan sac, gan mac, gan muirín’. Is beag eile den ghreann atá ar fáil sa litríocht fré chéile roimh shaothar scríbhneoirí dheireadh na haoise – Títle, Mac Mathúna, Séamas Mac Annaidh agus, le gairid, Micheál Ó Conghaile a bhfuil an scéal cumasach, ‘Athair’, aige sa chnuasach seo, agus a bhfuil riar scéalta sa leabhar gearrscéalta is deireanaí uaidh, *An Fear a Phléasc*, a meallann a loighic uathúil agus a n-áibhéil ghreannmhar an léitheoir isteach i gcruinne aduain fantaisíochta ina gcuirtear an gnáthshaol iarbhír trína chéile.

Tagann an cineál grinn a fheictear i saothar na scríbhneoirí seo le buntréith de chuid an réalachais draíochta, mar a thuigtear coitianta anois i gcúrsaí critice é. Ní hábhar iontais an méid sin, ar ndóigh, má chuimhnítear go luíonn modhanna reacaireachta agus fiú an cineál ábhair a fhaightear go coitianta sa réalachas draíochta go nádúrtha leis an litríocht thraidisiúnta bhéil. Sonraítear go minic i dtaobh Phádraig Mhic Phiarais, mar shampla, go bhfuil tábhacht bhunúsach leis an léiriú a dhéanann sé ar shoineantacht agus ar ‘anam glégeal an pháiste’ ina shaothar liteartha uilig, idir phrós agus fhilíocht. Ainneoin go bhfuil comhthéacs soiléir sóisialta agus cultúrtha sa saol iarbhír ag a chuid scéalta, fiú is go bhfuil siad simplíoch go maith san am céanna – ‘An Mháthair’ agus ‘Bríd na nAmhrán’, mar shampla – níl aon amhras faoi ach go mbaineann scéalta mar ‘Íosagán’, ‘An Deargadaol’ agus go mórmhór ‘Eoghainín na nÉan’ anseo thíos earraíocht as teicnící agus tuiscintí a sháraíonn teorainneacha an réalachais. Is suntasach mar a d’éirigh leis an bPiarsach sa chás seo comhthreomhaireacht mheafarach a choinneáil ó thús deireadh an scéil idir an dá dhomhan, mar atá, domhan thinneas Eoghainín sa saol réalach, agus a thuras as go dtí saol eile na bhfáinleog i ndeireadh na feide.

Más beag féin an fhorbairt a tháinig ar an tréith seo ó aimsir Mhic Phiarais go dtí glúin dheireadh na haoise, tá buíon nach beag acu sin a bhaineann earraíocht go leanúnach aisti ina

saothar. Tírdhreach fantaisíochta gan críocha, gnéithe aiceanta ná teorainneacha so-aitheanta ar bith idir é agus an ‘gnáthshaol’, nó cathair ghríobháin ina dtéann an duine amú de shíor ar a iomramh saoil i dtreo an aineoil, a chuirtear i láthair i mbunáite shaothar sainiúil Dhara Uí Chonaola. Ní foláir don léitheoir ar mian leis an t-aistear céanna a dhéanamh acmhainn an díchreidimh a chur de leataobh agus, fearacht an reacaire féin sa scéal anseo thíos, ‘Mo Chathair Ghríobháin’, éalú as ciorcal struchtúrtha an tsaoil iarbhír trína sheanléim a chaitheamh amach ar na cosáin aislingeacha isteach i gcruinne shíoraí na samhlaíochta. Feidhmíonn an scéal seo, fearacht scéalta uile Uí Chonaola, ar leibhéal na hinstincte, na braistinte agus an chroí seachas ar leibhéal na hintleachta agus na loighice Cairtéisí. Mar adeir reacaire ‘Mo Chathair Ghríobháin’, is í aidhm na fálróide, agus dá réir sin na scríbhneoireachta féin, iontaisí agus alltacht an domhain seo a fheiceáil le súile oscailte na soineantachta: ‘Bhí sé chomh maith dom, ó casadh ann mé, a raibh ann d’iontais a fheiceáil.’

Faightear peirspictíocht den chineál céanna ar an saol réalach i roinnt de shaothar Sheáin Mhic Mhathúna agus Bhiddy Jenkinson, mar a léiríonn na scéalta leo anseo thíos. Diúltaíonn reacaire ‘Na Quizmháistrí’ le Mac Mathúna do leagan amach díochlaontúil, gramadúil ar an saol agus dá réir sin is mian leis an chruinne mar is eol go coitianta í a iontú bun os cionn. Dearcann sé ar an saol trí shúile ‘eile’ nach ionann léargas ná tuiscint dóibh agus don choitiantacht a mhaireann sa saol réalach: ‘Bhí mo ghairdín lán d’fhásra. Fiall a thugadh daoine áirithe orthu, plandaí a thugaimse orthu.’ Dúisíonn an scéal ceisteanna faoi fhéiniúlacht an duine trí ghreann dorcha na heachtraíochta tríd síos. Cén t-iontas mar sin go mbeadh *alter ego* an reacaire i gcruth fir eile i bhfolach in áiléar a thí, fear a tháinig i gcabhair air i gcéaduair ach a dhúbir as an ngnáthshaol suas san áiléar dorcha ar deireadh thiar é. Agus cén t-iontas ach an oiread, de réir na tuisceana céanna, go mbeadh Suibhne ina ghealt ag léimt ó chrann go crann agus ag

teacht chuig teorainn na mainistreach, ar geall le spás idirshaoil idir dhá chineál réalachais nó peirspictíochta é, agus é i mbun comhrá le Moling i scéal Bhiddy Jenkinson, ‘Leabhar Mholing’.

Má shíneann na scéalta thuas le Mac Piarais, Mac Mathúna, Ó Conaola, agus Jenkinson teorainneacha an réalachais agus má éilíonn siad cealú úd an díchreidimh sa saol iarbhrá ar an léitheoir, cuireann Alan Titley leis an méid sin go minic ar a bhealach saineúil féin ina chuid úrscéalta agus go mórmhór ina chnuasach gearrscéalta *Éiriceachtaí agus Scéalta Eile*. Is geall le mana dá shaothar uilig dearbhú an reacaire in ‘An Síscéal de réir Eoin’ gurb é a ‘dhualgas naofa sacrálta ... gan ligean le múinteoirí ná le tuismitheoirí (.i. le lucht an údaráis agus na mórchúise) an ceann is fearr a fháil orainn’. Dá réir sin, ceistíonn sé an bonn atá leis an loighic, leis an réalachas, leis an uile theagasc agus bhéascnaíocht tríd an gcruinne sin a tharraingt as a chéile go spráúil spleodrach. San am céanna, síneann sé teorainneacha traidisiúnta *genre* an ghearrscéil sa scigaitheis stíliúil a dhéanann sé ar theicnící éagsúla scríbhneoireachta ina scéal féin. Go deimhin, níor mhiste a chur d’aguisín leis an méid sin go síneann sé teorainneacha na teanga féin go dúshlánach freisin sa scéal ar bhealach a mheabhródh na hiarrachtaí turgnamhacha a rinne Diarmaid Ó Súilleabháin glúin roimhe ina shaothar dúshlánach agus go mórmhór i roinnt de na gearrscéalta ina chnuasach *Muintir*. Sampla eile den chur chuige turgnamhach sa chnuasach seo is ea feidhmiú chiúta iar-nua-aoiseach na hidirthéacsúlachta i roinnt scéalta, mar shampla, ‘Iníon Rí an Oileáin Dhorcha’ le Angela Bourke, áit a nasctar gnéithe de chuid na seanscéalaíochta le meon feimineach na linne seo. Tréith choitianta í an idirthéacsúlacht seo ag scríbhneoirí eile mar Phádraig Ó Cíobháin, Alan Titley, Dara Ó Conaola, agus go fiú glúin rompu seo, ag an gCadhach féin. I ndeireadh na dála is í aidhm scríbhneoireachta den mhianach seo flaitheas an réasúin agus na loighice a threascart d’fhonn tochailt fúthu chomh fada le bunchloch na beatha, mar a thug Pádraig Ó

Cíobháin air ina scéal ‘Tá Solas ná hÉagann Choíche’ thíos: ‘Éiríonn an neamhréasún de leaba an neamh-chomhfheasa d’fhonn an réasún a oibríonn sa chomhfhiós a choscairt.’

Gníomh neamhréasúnach dóchais atá sa scríbhneoireacht ar mhórán bealaí, dúshlán an bháis agus an dorchadais. Is amhlaidh a bhí ar mhórán cúiseanna i dtús an fichiú haois agus aos dána na Gaeilge ag féachaint le litríocht a chumadh i dteanga a bhí i mbéal na huaighe, agus is amhlaidh atá i gcónaí ag glúin na mílaoise. Is iomaí cor a tháinig i *genre* an ghearrscéil i gcaitheamh an chéid, mar is léir ó scéalta an chnuasaigh seo. Scéal simplí le tús, lár agus deireadh a bhí á reic in insint dhíreach ag guth uilefheasach údair is mó a bhí i ngearrscéal thús an chéid. In imeacht na mblianta, le saothar ceannródaíoch leithéidí Uí Chadhain, Uí Shúilleabháin, Titley, Uí Chíobháin agus scríbhneoirí eile a bhfuil saothar leo sa chnuasach seo, ceistíodh an seantuisicintí ó bhonn agus forbraíodh modhanna reacaireachta agus braistinte a d’fhéach le friotal a bhualadh ar allagar seo an daonnaí leis an gcrúinne ina thimpeall. Más mó féin líon na gceisteanna ná líon na bhfreagraí inniu, níl ansin ach cruthúnas eile go bhfuil na seantuisicintí ar lár. Agus nár mhúin lucht an iar-nua-aoiseachais dúinn ar aon nós nach bhfuil sa chúram ar fad ach spraoi agus spórt focal? Más mar sin féin atá an scéal, ní fhágann sin nach allagar bisiúil atá ar bun i gcónaí i ngearrscéalta atá ‘crisp and arresting’ agus, mar a d’iarr an Píarsach i dtús an chéid, fréamhaithe sa saol comhaimseartha.

Aisling Ní Dhonnchadha
Gearóid Denvir
Samhain 2000

Eoghainín na nÉan

Pádraig Mac Piarais



I

Comhrá a tharla idir Eoghainín na nÉan agus a mháthair tráthnóna earraigh roimh dhul faoi don ghrian. An chéirseach agus an gealbhan buí a chuala é agus (de réir mar a mheasaim) a d’inis do mo chairde na fáinleoga, é. Na fáinleoga a d’inis an scéal domsa.

‘Teara uait isteach, a pheata. Tá sé ag éirí fuar.’

‘Ní fhéadaim corraí go fóill beag, a mháithrín. Tá mé ag fanacht leis na fáinleoga.’

‘Cé leis, a mhaicín?’

‘Leis na fáinleoga. Tá mé ag ceapadh go mbeidh siad anseo anocht.’

Bhí Eoghainín in airde ar an aill mhór a bhí láimh le binn an tí, é socraithe go deas ar a mullach agus cúl bán a chinn le bun na fuinseoige a bhí á foscadh. Bhí a cheann crochta aige, agus é ag breathnú uaidh ó dheas. D’fhéach a mháthair suas air. B’fhacthas di go raibh a chuid gruaige ina hór buí san áit a raibh an ghrian ag scalladh ar a chloigeann.

‘Agus cé as a bhfuil siad ag teacht, a linbh?’

‘Ón Domhan Theas – an áit a mbíonn sé ina shamhradh i gcónaí. Tá mé ag fanacht leo le seachtain.’

‘Ach cá bhfios duit gur anocht a thioctas siad?’

‘Níl a fhios agam, ach mé á cheapadh. Ba mhithid dóibh a bheith anseo lá ar bith feasta. Is cuimhneach liom gur cothrom an lae inniu go díreach a tháinig siad anuraidh. Bhí mé ag teacht aníos ón tobar nuair a chuala mé a gceiliúr – ceiliúr binn meidhreach mar a bheidís ag rá: ‘Tá muid chugat arís, a

Eoghainín! Scéala chugat ón Domhan Theas!’ – agus ansin d’eitil ceann acu tharam – chuimil a sciathán de mo leiceann.’

Ní cúram a rá gur chuir an chaint seo an-ionadh ar an máthair. Níor labhair Eoghainín mar sin léi riamh roimhe. B’fheasach di gur chuir sé an-suim san éanlaith agus gur iomaí uair a chaitheadh sé sa choill nó cois trá ‘ag caint leo’ mar a deireadh sé. Ach níor thuig sí cén fáth a mbeadh fonn chomh mór sin air na fainleoga a fheiceáil chuige arís. D’aithin sí ar a aghaidh, chomh maith lena ghlórtha béil, go raibh sé ag síor-smaoineamh ar rud éigin a bhí ag déanamh inní dó. Agus tháinig roinnt míshuaimhnis ar an mbean chroí í féin, ní nach ionadh. ‘Ar ndóigh, is aisteach an chaint ó pháiste í,’ ar sise ina hintinn féin. Níor labhair sí smid os ard, áfach, ach í ag éisteacht le gach focal dá dtáinig amach as a bhéal.

‘Tá mé an-uaigneach ó d’fhága siad mé sa bhfómhar,’ a deir an gasúr beag arís, mar dhuine a bheadh ag caint leis féin. ‘Bíonn an oiread sin acu le rá liom. Ní hionann iad agus an chéirseach nó an gealbhan buí a chaitheas bunáite a saoil cois an chlaí sa ngarraí. Bíonn scéalta iontacha le n-aithris acu i dtaobh na gcríoch a mbíonn sé ina shamhradh i gcónaí iontu, agus i dtaobh na bhfarraigí fiáine san áit a mbáitear na loingis agus i dtaobh na gcathracha aolgheala a mbíonn na ríthe ina gcónaí iontu. Is fada fada an bealach é ón Domhan Theas go dtí an tír seo: feiceann siad chuile rud ag teacht dóibh is ní dhéanann siad dearmad ar thada. Is fada liom uaim iad.’

‘Tar isteach, a ghrá ghil, is téir a chodladh. Préachfar leis an bhfuacht thú má fhanair amuigh i bhfad eile.’

‘Gabhfaidh mé isteach ar ball beag, a mháithrín. Níor mhaith liom iad a theacht agus gan mé anseo le fáilte a chur rompu. Bheadh ionadh orthu.’

Chonaic an mháthair nach raibh aon mhaith a bheith leis. Chuaigh sí isteach go buartha. Ghlan sí an bord is na cathaoirreacha. Nigh sí na scálaí is na miasa. Rug sí ar an scuab agus scuab sí an t-urlár. Scól sí an túlán is na corcáin. Dheasaigh sí an lampa agus chroch ar an mballa é. Chuir sí

tuilleadh móna ar an tine. Rinne sí céad rud eile nár ghá di a dhéanamh. Ansin shuigh sí os comhair na tine ag smaoineamh di féin.

Tháinig píobaire na gríosáí amach agus thosaigh ar a phort croíúil. D’fhan an mháthair cois teallaigh ag smaoineamh. D’fhan an gasúr beag ar a shuíochán aerach ag faire. Tháinig na ba abhaile ón gcoimín. Ghlaoigh an chearc chuici ar a héiníní. Chuaigh an lon dubh is an dreoilín is miondaoine eile na coille a chodladh. Coisceadh ar dhordán na gcuileog is ar mhéileach na n-uan. D’ísligh an ghrian go mall go raibh sí in aice le bun na spéire, go raibh sí go díreach ar bhun na spéire, go raibh sí faoi bhun na spéire. Shéid gála fuar anoir. Leath an dorchadas ar an talamh. Faoi dheireadh tháinig Eoghainín isteach.

‘Is baolach nach dtiocfaidh siad anocht,’ ar seisean. B’fhéidir le Dia go dtiocfaidís amárach.’

Tháinig an mhaidín lá arna mhárach. Bhí Eoghainín ina shuí go moch agus é ag faire amach ó mhullach na haille. Tháinig an meán lae. Tháinig an deireadh lae. Tháinig an oíche. Ach, mo léan! níor tháinig na fainleoga.

‘B’fhéidir go bhfeicfimis chugainn amárach iad,’ arsa Eoghainín agus é ag teacht isteach go brónach an oíche sin.

Ach ní fhacadar. Ná ní fhacadar chucu iad an lá ina dhiaidh sin ná an lá ina dhiaidh sin arís. Agus ’séard a deireadh Eoghainín gach oíche ag teacht isteach dó:

‘B’fhéidir go mbeadh siad chugainn amárach.’

II

Tháinig tráthnóna aoibhinn i ndeireadh an Aibreáin. Bhí an t-aer glan fionnuar tar éis múir bháistí. Bhí solas iontach sa domhan thiar. Bhí séis cheoil ag an éanlaith sa choill. Bhí duan á chanadh ag na tonnta ar an trá. Ach bhí uaigneas ar chroí an mhalraigh agus é ag fanacht leis na fainleoga.

Cluineadh go tobann glór nár cluineadh san áit sin le tuilleadh agus leathbhliain. Glór beag bídeach. Glór fann fíorbhinn. Ceiliúr mear meidhreach, agus é neamhchosúil le haon cheiliúr eile dá dtagann ó ghob éin. Le luas lasrach thiomáin toirt bheag dhubh aneas. Í ag eitilt go hard san aer. Dhá sciathán leathana láidre uirthi. Déanamh gabhláin ar a heireaball. Í ag gearradh na slí roimpi mar shaighead a chaithfí as bogha. D’ísligh sí go tobann, thiontaigh sí, d’éirigh arís, d’ísligh is thiontaigh arís. Ansin rinne sí caol díreach ar Eoghainín, í ag labhairt in ard a gutha, gur luigh is gur neadaigh sí i mbrollach an ghasúirín tar éis a taistil fhada ón Domhan Theas.

‘Ó! mo ghrá thú, mo ghrá thú!’ arsa Eoghainín, á tógáil ina dhá lámh is á pógadh ar an gcloiginnín dubh. ‘Sé do bheatha chugam ó na críocha coimhthíocha! An bhfuil tú tuirseach tar éis d’aistir uaignigh thar tailte agus thar farraigí? Óra, mo mhíle míle grá thú, a theachtaire bhig álainn ón tír ina mbíonn sé ina shamhradh i gcónaí! Cá bhfuil do chompánaigh uait? Nó céard a d’éirigh dhaoibh ar an mbóthar nó cé nach dtáinig sibh roimhe seo?’

A fhaid is a bhí sé ag labhairt mar seo leis an bhfáinleog, á pógadh arís agus arís eile agus ag cuimilt a lámhe go grámhar dá sciatháin dhúghorma, dá scornach bheag dhearg, agus dá brollach geal cluthar, sheol éinín eile aneas agus thuirling ina n-aice. D’éirigh an dá éan san aer ansin, agus is é an chéad áit eile ar luigh siad ina nead bheag féin a bhí folaithe san eidheann a bhí ag fás go tiubh ar bhalláin an tí.

‘Tá siad ar fáil sa deireadh, a mháithrín!’ arsa Eoghainín, agus é ag rith isteach go lúcháireach. ‘Tá na fáinleoga ar fáil sa deireadh! Tháinig péire anocht – an péire a bhfuil a nead os cionn m’fhuinneogese. Beidh an chuid eile chugainn amárach.’

Chrom an mháthair agus theann sí léi é. Ansin chuir sí paidir chun Dé os íseal ag gabháil buíochais leis as ucht na fáinleoga a sheoladh chucu. An lasair a bhí i súile an mhalraigh, chuirfeadh sí aoibhneas ar chroí máthar ar bith.